CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# PREASEISIÚINT Uimh. 144/25

**Lucsamburg, 19 Samhain 2025**

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T-367/23 | Amazon EU v an Coimisiún

## GSD: Diúltaítear caingean Amazon i gcoinne chinneadh an Choimisiúin lena n-ainmnítear Amazon Store mar 'ardán an-mhór ar líne'

Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) [1], forchuirtear oibleagáidí sonracha ar sholáthraithe seirbhísí áirithe arna n-ainmniú ag an gCoimisiún Eorpach mar 'ardáin an-mhór ar líne' nó 'innill chuardaigh an-mhór ar líne' má sháraíonn siad an tairseach 45 mhilliún úsáideoir san Aontas Eorpach (10 % de dhaonra an Aontais). D'iarr Amazon EU Sàrl, a oibríonn ardán Amazon Store, go gcuirfí ar neamhní an cinneadh lenar ainmnigh an Coimisiún an t-ardán sin mar 'ardán an-mhór ar líne' faoin GSM.

Cuireann Amazon i gcoinne dhlíthiúlacht na forála sa Rialachán lena gcinntear cé hiad na hardáin ar líne, lena n-áirítear margaí, atá le hainmniú mar ardáin mhóra ar líne agus lena gcuirtear iad faoi réir oibleagáidí sonracha maidir le trédhearcacht, comhar agus rochtain ar shonraí. Dar le Amazon, sáraítear leis an bhforáil sin roinnt ceart bunúsach a ráthaítear le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear, go háirithe, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun maoine, prionsabal an chomhionannais os comhair an dlí, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, chomh maith leis an gceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus go gcosnófaí faisnéis rúnda.

Lena breithiúnas inniu, **déanann Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an chaingean a dhíbhe**.

Maidir leis **an tsaoirse chun gnó a sheoladh**, tugann an Chúirt faoi deara gurb ionann na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an GSD agus cur isteach ar an tsaoirse sin, a mhéid a d'fhéadfadh costais shuntasacha a bheith i gceist leo, difear a dhéanamh d'eagrú gníomhaíochtaí agus réitigh theicniúla chasta a éileamh. Mar sin féin, tá údar leis an gcur isteach sin, dá bhforáiltear leis an dlí agus nach ndéanann difear do bhunbhrí na saoirse chun gnó a sheoladh, de réir bhrí na Cairte um Chearta Bunúsacha. Ní dhearna reachtas an Aontais, a bhfuil lánrogha leathan aige, earráid fhollasach agus é ag cinneadh go bhféadfadh ardáin an-mhór ar líne, lena n-áirítear margaí os cionn na tairsí 45 mhilliún úsáideoir, rioscaí sistéamacha a chruthú don tsochaí, go háirithe trí inneachar neamhdhleathach a scaipeadh nó trí chearta bunúsacha a shárú, lena n-áirítear cosaint tomhaltóirí. Is é is aidhm do na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar na hardáin sin, amhail iad siúd a bhaineann leis an rogha moltaí a fháil gan phróifíliú, an clár fógraíochta poiblí nó rochtain taighdeoirí ar shonraí áirithe, na rioscaí sin a chosc, fiú má tá ualaí suntasacha eacnamaíocha ar na hardáin sin.

A mhéid a bhaineann leis **an gceart chun maoine**, tugann an Chúirt faoi deara gur ualaí riaracháin den chuid is mó iad na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an GSD nach mbaintear úinéireacht a n-ardáin de sholáthraithe ardán an-mhór ar líne. Ina theannta sin, fiú dá mbunófaí cur isteach ar an gceart sin, bheadh údar leis mar gheall ar na cuspóirí maidir le rioscaí sistéamacha a chosc arna saothrú ag reachtas an Aontais.

Maidir le **prionsabal an chomhionannais**, tugann an Chúirt faoi deara go raibh lánrogha leathan ag reachtas an Aontais caitheamh le hardáin an-mhór ar líne, lena n-áirítear margaí, ar bhealach aonfhoirmeach, ós rud é go bhféadfadh rioscaí sistéamacha don tsochaí a bheith ag baint leis na hardáin sin freisin. Thairis sin, níl an t-idirdhealú a dhéantar sa GSD idir ardáin ar líne de réir líon a n-úsáideoirí treallach ná míchuí go follasach chun na

rioscaí sin a chosc ós rud é gur dócha go ndéanfaidh ardáin ar líne a bhfuil níos mó ná 45 mhilliún úsáideoir acu líon mór daoine a nochtadh d'ábhar neamhdhleathach.

Maidir leis **an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil**, tugann an Chúirt faoi deara go bhféadfadh an oibleagáid a fhorchuirtear ar ardáin an-mhór ar líne rogha moltaí a thairiscint gan phróifíliú srian a chur ar an gcaoi a bhféadfar táirgí a chuirtear ar an margadh ar na hardáin sin a chur i láthair, ach go bhfuil údar leis an gcur isteach sin. Ní dhéanann an beart sin, dá bhforáiltear leis an dlí, difear de bhunbhrí na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus saothraítear leis cuspóir dlisteanach maidir le cosaint tomhaltóirí. Dá bhrí sin, bhí reachtas an Aontais in ann, gan a lánrogha leathan a shárú, saoirse chun tuairimí tráchtála a nochtadh na n-ardán sin a mheas i gcoinne na cuspóirí maidir le tomhaltóirí a chosaint.

Maidir leis an **gceart go n-urramófaí an saol príobháideach agus go gcosnófaí faisnéis rúnda**, tugann an Chúirt faoi deara gurb ionann na hoibleagáidí a bhaineann le fógraíocht a dhéanamh maidir le trédhearcacht agus rochtain taighdeoirí ar shonraí áirithe agus cur isteach ar an gceart sin, ach go bhforáiltear dóibh le dlí, go bhfuil siad comhréireach agus go bhfuil údar leo mar gheall ar chuspóir leasa ghinearálta, eadhon rioscaí sistéamacha a chosc chun, go háirithe, rannchuidiú le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí. Cuireann sí in iúl go láidir go ndearnadh dianrialú ar fhoilsiú an chláir, agus go raibh rochtain do thaighdeoirí faoi réir ráthaíochtaí dochta slándála agus rúndachta.

**NÓTA:** Le caingean le haghaidh neamhniú, iarrtar go gcuirfí ar neamhní gníomhartha institiúidí an Aontais Eorpaigh atá contrártha do dhlí an Aontais. Faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh na Ballstáit, na hinstitiúidí Eorpacha agus daoine aonair, i gcás inarb iomchuí, caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. I gcás ina bhfuil bunús maith leis an gcaingean, cuirfear an gníomh ar neamhní. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlíthiúil a chruthaítear le neamhniú an ghnímh a réiteach.

**NÓTA:** Laistigh de dhá mhí agus deich lá tar éis an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne a bheith curtha in iúl, féadfar achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreith na Cúirte Ginearálta.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

**Fanaigí i dteagmháil linn!**

[1] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha).